# TÉANN TIC TOC CROG CHUIG AN GCÓISIR




1, 2, SPRAOI!

Scéal scríofa mar chuid de cheardlann
Fighting Words
le múinteoirí réamhsheirbhíse
DCU 2022

Scríbhneoirí:
Lettie Whelan
Tara O'Malley
Aoife Lynch
Aoife Foley
Grace Dunne

Maisitheoir:
Chris Meehan

Aistriúchán:
Néamhann Ní Dhonnghaile

Eagarthóireacht:
Bríd-Treasa Wyndham
Tríona Nic Fhinn
Lorraine Harbison
Nóra Nic Con Ultaigh
Seirce Mhac Conghail

# Réamh-cheacht

## Céard é an Ceann Corr?




Mínigh do fhreagra.

https://wodb.ca/






# Téann Tic Toc Crog Chuig an gCóisir

Fadó fadó ar oileán ama i bhfad i gcéin, dhúisigh Crog mar gheall ar fhuaim ticeála laistigh dá bholg.

“Níl mé in ann codladh ó d’alp mé siar an clog sin an tseachtain seo caite! Ní bhacfaidh mé iarracht a dhéanamh riamh arís foghlaim conas an t-am a léamh.”

Cé gur alp Tic Toc Crog clog siar, fós féin, ní raibh sé in ann an t-am a léamh.

Ar an mbord in aice lena leaba bhí cuireadh chuig cóisir lae breithe a charad.

“Ach caithfidh mé foghlaim conas an t-am a léamh roimh an gcóisir sin,” ar seisean.

Bhíodh Tic Toc Crog i gcónaí déanach agus bhíodh daoine i gcónaí ag magadh faoi. Bhí sé ag iarraidh é sin a athrú.

Bhí an chóisir ag tosú ag 20:00. “Níl a fhios agam cén t-am é sin. Shíl mé nach raibh ach 12 uair an chloig ar an gclog, tá mearbhall orm!” Bhí Tic Toc Crog trína chéile, ní raibh sé ag iarraidh a bheith déanach agus theastaigh uaidh go mór dul chuig an gcóisir seo!

Chonaic Tic Toc Crog a bheirt chomharsana, Digit Each agus Ana Lógach, ag siúl thart taobh amuigh.

“Is cinnte go mbeidh siadsan in ann an cuireadh a léamh agus a rá liom cén t-am a dtosaíonn sí,” a smaoinigh Crog.

“A Ana Lógach! A Dhigit Each!” a scairt sé agus é ag rith amach an doras ina ndiaidh.

Bhí Digit Each agus Ana Lógach ina gcomharsana aige le fada, agus cé go raibh a fhios ag Tic Toc Crog go raibh gaol acu lena chéile, níor thuig sé cén chaoi.


Thaispeáin Tic Toc Crog a chuireadh don bheirt agus é ag díriú ar an am.

“An gcabhróidh sibh liom a fháil amach cén t-am a mbeidh an chóisir seo ag tosú?”

Bhreathnaigh Digit Each ar an gcuireadh. Níor thuig sé cén fáth a raibh Tic Toc Crog trína chéile.

“A Thic Toc Crog, tá sé scríofa go soiléir go dtosaíonn an chóisir ag 20:00, an bhfuil rud éigin eile ann nach dtuigeann tú?”

“Ní aon chiall leis sin, shíl mé nach raibh ach 12 uimhir ar an gclog,” arsa Tic Toc Crog.


1:00
13:00
2:00
14:00
3:00
15:00
4:00
16:00
5:00
17:00
6:00
18:00
7:00
19:00
8:00
20:00
9:00
21:00
10:00
22:00
11:00
23:00
12:00
24:00
1
2
3
4
5
6
7
8
9
10
11
12
CÓISIR
Tick!! Tock!! Tick!!
Tick!

Scrúdaigh Ana Lógach an cuireadh freisin.

"Tosaíonn an chóisir seo ag 8, a Thic Toc Crog; tá sé sin scríofa go mór agus go soiléir ansin".

Bhí Tic Toc Crog níos trína chéile fós.

"Conas a thosaíonn an chóisir chéanna ag dhá am éagsúla?" a d'fhiafraigh sé.

"Is féidir linn é a mhíniú duit más mian leat!" arsa Ana Lógach.

Bhailigh Ana Lógach agus Digit Each a gcuid uimhreacha go léir le chéile agus thug siad Tic Toc Crog chuig an ngairdín. Leag siad na huimhreacha go léir amach i líne ionas go bhfeicfeadh Crog iad. Thuig sé ansin go raibh na huimhreacha ar fad ó 0 go 24 ag Digit Each ach nach raibh ach leath na n-uimhreacha ag Ana Lógach, 1 go 12. D'aithin sé go raibh dhá bhealach difriúil ann le haghaidh an t-am a léamh.


Thuig Tic Toc Crog go raibh an chóisir ag 20:00 ag Digit Each, agus b'ionann sin agus 8 a chlog sa tráthnóna d'Ana Lógach. Thuig sé go mbeadh air an bus a fháil ag 7:30 sa tráthnóna i gcás Ana Lógach agus 19:30 i gcás Digit Each.

"Go raibh míle maith agaibh as an gcabhair, a Ana Lógach agus a Dhigit Each," arsa Tic Toc Crog. "Caithfidh mé deifriú agus mé féin a réiteach don chóisir anois ionas go mbeidh mé in am.... don chéad uair!"

Ó shin i leith, ní raibh Tic Toc Crog déanach d'aon rud riamh arís.


CÓISIR
CÓISIR
CÓISIR
Brontanas
20:00

# Dialann Tic Toc Crog



I mbeirteanna, cruthaigh dialann don lá dár gcionn do Tic Toc Crog ag úsaid am digiteach.

# Dialann Tic Toc Crog



Céard a scríobh Tic Toc Crog ina dhialann ag deireadh an lae? Luaigh céard a d'fhoghlaim sé faoi am digiteach agus analógach.







# Dhá Chlog

Is cairde iad Sam agus Julie. Tá cloig aisteacha ag an mbeirt acu sa mbaile.

I seomra codlata Sam tá seanchlog aláraim nach n-úsáideann a Dhaid níos mó toisc go bhfuil an lámh mhór tite de. Cé nach bhfuil ar an gclog ach an lámh bheag, tá Sam fós in ann an t-am a léamh. Bíonn a fhios aige cén uair a bhíonn sé in am éirí, cén uair a bhíonn sé in am dul ar scoil agus cén uair a bhíonn sé in am an solas a mhúchadh san oíche.




- Cén clog ar a bhfuil meánlae le feiceáil?
- Cén t-am a éiríonn Sam?
- Cén t-am a dtéann Sam ar scoil?
- Cén t-am atá Sam ceaptha an solas a mhúchadh?


https://nrich.maths.org/4806

# Dhá Chlog

I halla Julie, tá seanchlog a chaill an lámh bheag na blianta ó shin.



Críochnaíonn an scoil ar a leathuair tar éis a trí. Tógann sé leathuair an chloig ar a laghad ar Julie dul abhaile. Uaireanta, téann sí ag an siopa ar an mbealach abhaile, agus uaireanta eile, fágann sí an scoil níos deireanaí. Nuair a thagann sí abhaile, breathnaíonn Julie ar an gclog sa halla chun an t-am a léamh. Seo hiad na hamanna a chonaic Julie ar an gclog ó Luan go hAoine:



Dé Luain   Dé Máirt   Dé Céadaoin   Déardaoin   Dé hAoine

- Cén lá ar bhrostaigh sí abhaile mar go raibh sé ag cur báistí?
- Cén lá a ndeachaigh sí ag an siopa chun milseáin a cheannach ar an mbealach abhaile?
- Cén lá ar fhan sí ag an scoil chun cleachtadh a dhéanamh leis an mbanna ceoil?
- Cén lá ar chaith sí leathuair an chloig ag spraoi le Sam sula dtáinig sí abhaile?
- Cén lá ar choinnigh an múinteoir an rang siar ar feadh cúig nóiméad breise?

https://nrich.maths.org/4806

1,2,Spraoi!

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

DCU
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
Dublin City University

1,2,Spraoi!

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

DCU
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
Dublin City University

## CAD A CHEAP TÚ FAOIN SCÉAL?

## AON SMAOINTE EILE?

Mc CONKEY
fighting words
www.fightingwords.ie
APPROVED

FIGHTING WORDS
The write to right.

the arts council
an chomhairle ealaíon
funding literature

WWW.FIGHTINGWORDS.IE